**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean;

2. Ordaítear do QN na costais a íoc.

(1) IO 2021 C 206, 31.5.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Meán Fómhair 2022 — Sushi&Food Factor v EUIPO (READY 4YOU)**

**(Cásanna uamtha T-367/21 agus T-432/21)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh READY 4YOU – Dearbhfhorais le diúltú – Easpa saintréithe – Airteagal 7(1) (b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2022/C 432/26)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Sushi&Food Factor sp. z o.o. sp.k. (Robakowo, an Pholainn) (ionadaí: J. Gwiazdowska, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: D. Walicka agus M. Chylińska, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 20 Aibreán 2021 (Cás R 2273/2020-5) agus an 13 Bealtaine 2021 (Cás R 2321/2020-5) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Sushi&Food Factor sp. z o.o. sp.k. na costais a íoc.

(1) IO C 329, 16.8.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Meán Fómhair 2022 – Itinerant Show Room v EUIPO – Save the Duck (ITINERANT)**

**(Cás T-416/21)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh ITINERANT – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh níos luaithe ag léiriú lacha ag canadh i gciorcal – Foras coibhneasta le diúltú – Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Cosúlacht – Cáil – Nasc – Dochar míchuí – Easpa cúis chuí – Airteagal 95(2) de Rialachán 2017/1001 – Airteagal 27(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/625 – Doiciméad curtha ar fáil don chéad uair os comhair an Bhoird Achomhairc – Do-ghlacthacht)***

(2022/C 432/27)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Itinerant Show Room Srl (San Giorgio in Bosco, an Iodáil) (ionadaí: E. Montelione, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: J. Crespo Carrillo, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Save the Duck SpA (Milano, an Iodáil) (ionadaí: M. De Vietro, Dlíodóir)

## Ábhar

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 6 Bealtaine 2021 (Cás R 997/2020-5) maidir le himeachtaí freasúra idir an t-idirghabhálaí agus an t-iarratasóir ar neamhní.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Itinerant Show Room Srl a chostais féin agus na costais sin arna dtabhú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) agus ag Save the Duck SpA a íoc.

---

(1) IO C 357, 6.9.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Meán Fómhair 2022 – Itinerant Show Room v EUIPO – Save the Duck (ITINERANT)**

**(Cás T-417/21)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh ITINERANT – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh níos luaithe ag léiriú lacha ag canadh i gciorcal – Foras coibhneasta le diúltú – Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Cosúlacht – Cáil – Nasc – Dochar míchuí – Easpa cúis chuí – Airteagal 95(2) de Rialachán 2017/1001 – Airteagal 27(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/625 – Doiciméad curtha ar fáil don chéad uair os comhair an Bhoird Achomhairc – Do-ghlacthacht)***

(2022/C 432/28)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Itinerant Show Room Srl (San Giorgio in Bosco, an Iodáil) (ionadaí: E. Montelione, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: J. Crespo Carrillo, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Save the Duck SpA (Milano, an Iodáil) (ionadaí: M. De Vietro, Dlíodóir)

## Ábhar

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 12 Bealtaine 2021 (Cás R 1017/2020-5) maidir le himeachtaí freasúra idir an t-idirghabhálaí agus an t-iarratasóir ar neamhní.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.